An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí

## Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích na bPríomhthascanna

Samhain 2024

# An Clár Ábhar


**Réamhrá** 01

**An Measúnú in OSPS na Sraithe Sinsearaí** 02

**Príomhthascanna in OSPS na Sraithe Sinsearaí** 03

**Liosta na bPríomhthascanna** 04

**An Próiseas chun na Príomhthascanna a chur i gcrích** 06

**Ról an Mhachnaimh laistigh de na Príomhthascanna** 07

**Conas a úsáidtear na Príomhthascanna don Mheasúnú?** 08

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 08

An Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) 08

**Freastal réasúnta** 09

**Naisc úsáideacha** 10

**Aguisín 1 Uirlisí Machnaimh** 11

**Aguisín 2 Teimpléad do thaifead na bPríomhthascanna OSPS** 13

# Réamhrá

Sa cháipéis seo, *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na Sraithe Sinsearaí: Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích na bPríomhthascanna*, tugtar

- cur síos ar chineál agus ar chuspóir na bPríomhthascanna, a dtagraítear dóibh sa tsonraíocht churaclaim do OSPS na Sraithe Sinsearaí
- treoirlínte agus tacaíocht don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Príomhthascanna a chur i gcrích.

Tá na treoirlínte seo ábhartha do scoláirí atá ag tabhairt faoi chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB) nó faoi chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) mar gur gá don dá ghrúpa scoláirí Príomhthascanna a chur i gcrích mar chuid dá rannpháirteachas in OSPS na Sraithe Sinsearaí. Baineann ról éagsúil leis na Príomhthascanna i gcás scoláirí atá ag tabhairt faoi ATB agus ATF, faoi mar a mhínítear níos déanaí sa cháipéis seo.

Tagann sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí (2024) in áit Mhodúl 1 agus Mhodúl 2 *Oideachas Sóisialta agus Sláinte* ATB agus in áit *Chreat Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na Sraithe Sinsearaí* ATF.

Ba cheart na treoirlínte a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim do OSPS na Sraithe Sinsearaí, atá ar fáil ar OSPS: **Curaclam ar líne**.

# An Measúnú in OSPS na Sraithe Sinsearaí

Tá an measúnú in OSPS na Sraithe Sinsearaí bunaithe ar an réasúnaíocht, ar na cuspóirí agus ar na torthaí foghlama sa tsonraíocht. Is é cuspóir an mheasúnaithe a chur ar chumas an scoláire fianaise a léiriú ar a chuid foghlama.

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Cén fhianaise ar fhoghlaim atá á lorg sa mheasúnú in OSPS?

Is féidir gníomhaíochtaí difriúla measúnaithe a úsáid le measúnú a dhéanamh ar thorthaí foghlama difriúla. Mar sin féin, d’ainneoin na n-eispéireas éagsúil foghlama agus na modhanna éagsúla measúnaithe is féidir leis an scoláire plé leo in OSPS na Sraithe Sinsearaí, ba cheart don scoláire a bheith ábalta fianaise a léiriú ar an méid seo a leanas:

- méadú ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta a theastaíonn le bheith ina dhuine fásta óg sláintiúil, acmhainneach, muiníneach, freagrach agus comhbhách
- cumas feabhsaithe chun an t eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fuarthas trí bheith rannpháirteach san fhoghlaim a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna pearsanta nó chun fadhbanna pearsanta a réiteach.
- níos mó feasachta ar a chuid creideamh/dearcthaí/barúlacha/luachanna
- straitéisí nua a fuarthas a thacaíonn lena shláinte agus lena fholláine
- cumas méadaithe chun roghanna a dhéanamh agus gníomhartha a dhéanamh mar thaca lena shláinte agus folláine agus le sláinte agus folláine daoine eile.

# Príomhthascanna in OSPS na Sraithe Sinsearaí

Leagtar amach sa chuid seo de na treoirlínte cineál agus cuspóir na bPríomhthascanna in OSPS.

Is ionann Príomhthascanna agus:

- sraith eispéiris foghlama agus gníomhaíochtaí machnaimh, a eascraíonn as na torthaí foghlama agus atá fíorthábhachtach
- tascanna a ceapadh le rogha a chur ar fáil agus le bheith oiriúnach do réimse leathan spéiseanna agus cumas an scoláire. Mar sin féin, is gá don scoláire Príomhthascanna a chur i gcrích ón rogha a leagtar amach sa cháipéis seo.
- tascanna a chuireann gach scoláire i gcrích mar chuid den teagasc agus foghlaim leanúnach laistigh den seomra ranga OSPS, is cuma cé acu clár na hArdteistiméireachta Feidhmí nó clár na hArdteistiméireachta Bunaithe atá ar bun aige.
- tascanna nach ndéantar a bhreithniú ó thaobh marcanna ná grád de, cé go bhfuil cur i gcrích sásúil na bpríomhthascanna riachtanach, agus go bhfaighidh an scoláire aiseolas ón múinteoir. Bronnfar creidiúintí ar an scoláire atá i mbun chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí nuair a éiríonn leis na Príomhthascanna a chur i gcrích.

Is é aidhm na bPríomhthascanna in OSPS, tacú le foghlaim atá *ábhartha*, *domhain*, *sóisialta agus 'sa domhan'*[1].

- Is éard is ciall le *foghlaim ábhartha* ná go roghnaíonn an scoláire Príomhthascanna, ón liosta a chuirtear ar fáil, atá tábhachtach dó féin agus/nó dá phiaraí/phobal. Bíonn príomhról aige sin ó thaobh spreagadh intreach agus bhraistint úinéireachta an scoláire a chur chun cinn.
- Baineann níos mó ná eolas a bhailiú agus a léiriú le *foghlaim dhomhain*. Éilíonn sé go ndéanfaidh an scoláire ceist a fhiosrú, machnamh a dhéanamh air agus freagra pearsanta a chumadh. Maireann an fhoghlaim dhomhain i bhfad agus fanann sé leis an scoláire i ndiaidh dó an Príomhthasc a chur i gcrích.
- Dearbhaíonn *an fhoghlaim shóisialta* gné shóisialta na foghlama agus an luach a bhaineann le foghlaim ó dhaoine eile agus le daoine eile.
- Tugann *foghlaim 'sa domhan'* deis don duine óg dul i ngleic le ceisteanna fíorshaoil ar fiú dó aird a dhíriú orthu agus gníomhú maidir leo. Tugann sé deis don scoláire dul i ngleic le fíorcheisteanna, fíor-chomhthéacsanna agus fíorfhadhbanna agus fíorcheisteanna ábhartha a fhiosrú ar gá iad a mhíniú, réitigh a chur ar fáil ina dtaobh nó gníomhú maidir leo.

Tá na Príomhthascanna éagsúil ó thaobh na dtopaicí a bpléann siad leo agus ó thaobh na gcineálacha foghlama a chumasaíonn siad an scoláire lena léiriú. Ar an iomlán, deartar na príomhthascanna ionas go gcuirfidh siad ar chumas an scoláire fianaise a léiriú ar a chumas méadaithe chun:

- eolas, seirbhísí agus tacaíochtaí iontaofa agus ábhartha maidir le sláinte agus folláine a fháil
- tuairimí a chruthú, agus réitigh nó straitéisí a mholadh maidir le cásanna éagsúla
- feasacht a léiriú ar thionchar pearsanta agus sóisialta na gcinntí agus na n iompraíochtaí
- éagsúlacht an tionchair ar shláinte agus folláine a aithint
- machnamh a dhéanamh ar an méid atá sé a fhoghlaim agus ar an gcaoi a mbaineann an fhoghlaim chéanna lena shaol anois agus ar an gcaoi a mbainfidh sí lena shaol amach anseo
- a fhoghlaim a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna pearsanta agus sóisialta.

[1] Big Picture Thinking: how to educate the whole person for an interconnected world, OECD, 2022, p.26–36

# Liosta na bPríomhthascanna

Is gá don scoláire **ocht bPríomhthasc** ar a laghad a chur i gcrích, a roghnaítear ón liosta thíos, ag cinntiú go roghnaíonn sé réimse Príomhthascanna ó gach ceann de na trí Shnáithe i sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí. Go hidéalach, ba cheart don scoláire trí Phríomhthasc atá nasctha lena fhoghlaim i Snáithe 1 a chur i gcrích, trí Phríomhthasc atá nasctha lena fhoghlaim i Snáithe 2 agus dhá Phríomhthasc atá nasctha le Snáithe 3.

Tabhair faoi deara: Cé gur sa chéad phearsa uatha a scríobhadh na príomhthascanna, is féidir cuid mhór acu a chur i gcrích i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, sa chás gur fearr leis an scoláire obair i gcomhar lena chomhscoláirí ar chuid acu. Sna cásanna sin, is gá go mbeadh an obair a rinne gach scoláire sa ghrúpa soiléir.

## Tábla 1: Liosta na bPríomhthascanna

| Príomhthasc | Nasc le Snáithe | ✓ |
|---|---|---|
| Bhailigh mé eolas ar na gnéithe a imríonn tionchar ar shláinte iomlánaíoch agus réitigh mé plean le gné amháin de mo shláinte a fheabhsú. | Snáithe 1 | |
| Rinne mé cairt/póstaer/grafaic/bileog eolais/grafaic faisnéise/físeán leis an difríocht idir lagbhríoch agus dúlagar a mhíniú agus thug mé treoir maidir le cá háit agus conas is féidir le daoine óga cabhair agus tacaíocht iontaofa a fháil má tá siad buartha faoina meabhairshláinte féin nó faoi mheabhairshláinte duine éigin eile. | Snáithe 1 | |
| Réitigh mé cur i láthair gearr ar ghné thábhachtach amháin a imríonn tionchar ar fholláine mhothúchánach daoine óga agus rinne mé machnamh ar a gciallaíonn sé sin domsa. | Snáithe 1 | |
| Chuir mé liosta nodanna le chéile maidir le conas a bheith sábháilte agus tú amuigh go sóisialta agus chuir mé comhairle ann maidir le céard is féidir a dhéanamh má bhím féin nó duine a bhfuil aithne agam air i gcruatan. | Snáithe 1 | |
| Bhailigh mé eolas maidir le cumhacht an chodlata, rinne mé machnamh ar a gciallaíonn sé sin domsa agus réitigh mé plean maidir le mo chodladh féin a fheabhsú, más gá. | Snáithe 1 | |
| Dhear mé feachtas feasachta do dhaoine óga ar comhaois liom inar tharraing mé aird ar na comharthaí, na baoil agus na hiarmhairtí a bhaineann le cineálacha difriúla andúile, agus conas agus cá háit le tacaíocht a lorg maidir le handúil. | Snáithe 1 | |
| Tá mé i ndiaidh éirí níos feasaí maidir le mo chuid smaointe, mothúchán agus iompraíochtaí agus tá seicliosta curtha le chéile agam maidir le straitéisí a chabhróidh liom, sílim, mé féin a bhainistiú níos fearr go mothúchánach. | Snáithe 1 | |
| Bhí mé rannpháirteach i sraith rólimirtí/cásanna inar léirigh mé conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i gcásanna éagsúla, mar shampla, le linn coimhlinte, teorainneacha á gcur in iúl, deireadh á chur le caidreamh. | Snáithe 2 | |
| Chuir mé cur i láthair gearr le chéile chun béim a leagan ar chomharthaí rabhaidh i gcaidreamh dlúthphearsanta (comharthaí de dhrochíde nó smachtú comhéigneach ina measc) agus an chaoi a mbreathnaíonn agus a mbraitheann caidrimh shláintiúla. Mar chuid de sin, thug mé treoir maidir le tacaíochtaí ábhartha. | Snáithe 2 | |
| Chruthaigh mé bileog eolais do dhaoine óga dar teideal 'Toiliú – na nithe ar gá duit a bheith ar an eolas fúthu'. | Snáithe 2 | |
| Chruthaigh mé cur i láthair gearr inar léirigh mé an chaoi a mbíonn dearcthaí dearfacha agus dochracha maidir le hinscne le feiceáil sna meáin. | Snáithe 2 | |
| Scrúdaigh mé cás-staidéir agus/nó cásanna caidrimh agus mhol mé réitigh/freagraí féideartha, bunaithe ar mheas do dhaoine eile agus bá le daoine eile. | Snáithe 2 | |

## Tábla 1: Liosta na bPríomhthascanna (ar lean)

| Príomhthasc | Nasc le Snáithe | ✓ |
|---|---|---|
| Chruthaigh mé cur i láthair gearr maidir leis an gcaoi a gcosnaíonn an dlí daoine ar chaidrimh dhróchídeacha (ina measc stalcaireacht, drochíde ar bhonn íomhánna agus foréigean teaghlaigh, gnéis agus ar bhonn inscne). | **Snáithe 2 agus 3** | |
| Tá machnamh déanta agam ar na scileanna a theastóidh uaim le bheith in ann aire a thabhairt dom féin nuair a bhogaim ar aghaidh ón scoil agus tá plean curtha le chéile agam le cuid de na scileanna sin a fhorbairt agus a chleachtadh anois. | **Snáithe 3** | |
| Bhailigh mé eolas maidir le grúpa amháin daoine a ndéantar leithcheal orthu agus rinne mé machnamh ar bhealaí praiticiúla inar féidir liom dlúthpháirtíocht leo a chur in iúl. | **Snáithe 3** | |
| Dhear mé acmhainn, m.sh., póstaer, bileog, gearrfhíseán, srl., le mo chuid piaraí a chur ar an eolas maidir lena gcearta san ionad oibre nó maidir lena gcearta agus freagrachtaí sa chumarsáid ar líne, faoin dlí. | **Snáithe 3** | |
| Scríobh mé litir chugam féin agus mé 12 bhliain d'aois inar chuir mé comhairle orm féin maidir le conas teacht slán as an ógántacht, cinntí sláintiúla a dhéanamh agus gan beann a bheith agam ar aon duine. | **Gach ceann de na trí shnáithe** | |
| Chruthaigh mé 'clár fógraí' de shuíomhanna gréasáin, seirbhísí agus tacaíochtaí ábhartha, iontaofa agus úsáideacha maidir leis an tsláinte agus folláine a mbeadh sé cabhrach do dhaoine óga eolas a bheith acu orthu. | **Gach ceann de na trí shnáithe** | |

# An Próiseas chun na Príomhthascanna a chur i gcrích

Tagann na Príomhthascanna ó na Torthaí Foghlama i sonraíocht OSPS agus tá siad bunaithe ar an teagasc agus foghlaim laethúil. Cuirtear i gcrích laistigh den seomra ranga iad, i rith dhá bhliain OSPS na Sraithe Sinsearaí, agus na treoirlínte seo a leanas á leanúint:

- I ndiaidh tabhairt faoi réimse Torthaí Foghlama, seiceáil cé acu de na Príomhthascanna atá ábhartha don fhoghlaim a tharla. Má tá níos mó ná Príomhthasc amháin ábhartha, is féidir leis an scoláire rogha a dhéanamh maidir le cén Príomhthasc le cur i gcrích.
- Ba cheart Príomhthascanna a chur i gcrích chomh gar don fhoghlaim agus is féidir. Cinntíonn sé sin go mbíonn an Príomhthasc níos fiúntaí don scoláire agus cumasaíonn sé é lena chuid foghlama a nascadh níos fearr leis an measúnú.
- An oiread agus is féidir roghanna a thabhairt don scoláire ó thaobh an chaoi a gcuirfidh sé a chuid oibre i láthair – ó bhéal, go físiúil, ag baint úsáid as teicneolaíocht, nó ag úsáid modhanna eile – agus rogha a thabhairt dó freisin maidir leis an bPríomhthasc a chur i gcrích ina aonar, le duine eile nó i ngrúpa beag. Tá comhoibriú idir scoláirí le spreagadh, agus meas le léiriú ag an am céanna orthu siúd a bheartaíonn an obair a chur i gcrích ina n-aonar.
- Deiseanna a chuimsiú le gur féidir leis an scoláire machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige agus cad is brí leis dó.
- Aiseolas a chur ar fáil don scoláire le linn na bPríomhthascanna agus i ndiaidh dó iad a chur i gcrích.
- Taifead a choimeád de na Príomhthascanna a chuir an scoláire i gcrích go sásúil, de réir mar a chuirtear i gcrích iad.
- Is gá dhá Phríomhthasc ar a laghad a chur i gcrích in aghaidh an tseisiúin. (Féach leithdháileadh creidiúintí, lch. 8).
- Ag deireadh gach seisiúin, déantar na creidiúintí a thaifeadadh chun críche cuspóirí teistiúcháin don scoláire atá ag tabhairt faoi chlár ATF.

Cuimhnigh, cé go bhfuil íoslíon Príomhthascanna is gá a chur i gcrích i rith an dá bhliain, gur féidir leis an múinteoir agus an scoláire cinneadh a dhéanamh tabhairt faoi níos mó acu.

# Ról an Mhachnaimh laistigh de na Príomhthascanna

Tá machnamh riachtanach in OSPS de bharr go gcuireann sé deiseanna ar fáil don scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a fhéinfheasacht agus ar a fheasacht ar dhaoine eile, atá ag forbairt, machnamh ar an méid atá sé a fhoghlaim agus ar an gcaoi a mbaineann an fhoghlaim sin lena shaol anois nó as seo amach. Trí mhachnaimh ar an bhfoghlaim a bhailiú agus a thaifeadadh go rialta, is féidir foghlaim an scoláire a shaibhriú agus d'fhéadfadh sé é a chumasú chun monatóireacht a dhéanamh ar a fhás pearsanta agus ar a fhoghlaim in OSPS.

Déantar an machnamh a éileamh go sonrach i roinnt Príomhthascanna, cé go mbeadh sé tairbheach i gcás gach ceann de na Príomhthascanna úsáid a bhaint as cur chuige machnamhach agus tabhairt faoi mhachnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim. D'fhéadfadh an scoláire ceapadh go bhfuil gné mhachnaimh na bPríomhthascanna níos dúshlánaí. Mar sin féin, trí thabhairt faoi mhachnamh leanúnach, is féidir leis an scoláire éirí níos compordaí leis agus níos fearr ag an machnamh ar a fhoghlaim.

Is féidir leis an múinteoir a mholadh go n-úsáidfear punann mhachnaimh leictreonach nó dialann mhachnaimh scríofa a chuirtear i gcrích mar chuid de cheachtanna seachtainiúla. Tá sé sin an-chabhrach ó thaobh tacú leis an machnamh reatha ar an bhfoghlaim agus ó thaobh an scoláire a chumasú le breathnú siar ar a fhoghlaim i rith an dá bhliain.

Agus machnamh an scoláire á chur chun cinn, tá sé tábhachtach a lua nach ndéantar na Príomhthascanna a mharcáil ná a rangú agus, mar sin, nár cheart go mbraithfeadh an scoláire go bhfuil breithiúnas á dhéanamh ar a chuid machnamh pearsanta.

Cuirtear roinnt uirlisí machnaimh ar fáil in **Aguisín A**.

# Conas a úsáidtear na Príomhthascanna don Mheasúnú?

Ní bhíonn aon scrúdú deiridh in OSPS na Sraithe Sinsearaí. Déantar measúnú ar gach scoláire a ghlacann páirt in OSPS na Sraithe Sinsearaí [bíodh sé sin mar chuid den Ardteistiméireachta Bhunaithe (ATB) nó den Ardteistiméireachta Fheidhmeach (ATF)] trí **Phríomhthascanna**.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Tagann sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí in áit Mhodúl 1 agus Mhodúl 2 Oideachas Sóisialta agus Sláinte. I gcás OSPS, déantar scoláire atá ag tabhairt faoi chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí a mheas go hiomlán trí chur i gcrích sásúil na bPríomhthascanna. Mar sin, leanann an múinteoir le taifead a choimeád ar chreidiúintí don scoláire atá ag tabhairt faoi chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Bronntar dhá chreidiúint ar an scoláire i ndiaidh dó ceithre Phríomhthasc OSPS a chur i gcrích ag deireadh bhliain 1 agus dhá chreidiúint eile i ndiaidh dó ceithre Phríomhthasc OSPS eile a chur i gcrích ag deireadh bhliain 2. Is ionann sin agus méadú ar an leithdháileadh creidiúintí ó dhá chreidiúint go ceithre chreidiúint don réimse foghlama seo. Déantar taifead ar na creidiúintí seo ar mhaithe le teastasú chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Ní thugtar aon mharc ná grád do na príomhthascanna, cé gur gá freastal ar 90% de na seisiúin agus ocht bPríomhthasc ar a laghad a chur i gcrích go sásúil.

Fanfaidh na ceithre mhodúl eile in Oideachas Sóisialta mar atá siad faoi láthair (go dtí go ndéanfar iad a athbhreithniú agus/nó a nuashonrú). **Scoirfear scrúdú deiridh an Oideachais Shóisialta ó mhí an Mheithimh 2026**. As sin amach, leagtar amach thíos leithdháileadh na deich gcreidiúint don scrúdú deiridh. Anuas air sin, tá an leithdháileadh creidiúintí don tasc ceisteanna comhaimseartha ardaithe ó 10 go 14.

**Tábla 2: Leithdháileadh leasaithe creidiúintí don Oideachas Sóisialta laistigh de ATF**

| | Bliain 1 | | Bliain 2 | |
|---|---|---|---|---|
| | Seisiún 1 | Seisiún 2 | Seisiún 3 | Seisiún 4 |
| **OSPS 1 (Príomhthasc)** | 2 chreidiúint | | | |
| **Mo Phobal (Príomhthasc)** | 2 chreidiúint | | | |
| **Ceisteanna Comhaimseartha 1 (Príomhthasc)** | | 2 chreidiúint | | |
| **OSPS 2 (Príomhthasc)** | | | 2 chreidiúint | |
| **Ceisteanna Comhaimseartha 2 (Príomhthasc)** | | | 2 chreidiúint | |
| **Dul i gCeannas (Príomhthasc)** | | | | 2 chreidiúint |
| **Tasc na Ceiste Comhaimseartha** | | | 14 chreidiúint | |

## An Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB)

Cuirfidh scoláirí atá ag tabhairt faoi Chlár ATB Príomhthascanna i gcrích ar an mbealach céanna le scoláirí atá ag tabhairt faoi ATF. Sa chás sin, ní chuirfidh cur i gcrích na bPríomhthascanna le teistiúchán ATB. I gcás na scoláirí seo, is féidir leis an scoil tuairisciú ar an measúnú agus foghlaim in OSPS trí ghnáthchóras tuairiscithe na scoile agus/nó trí theastas críochnaithe scoile a bhronnadh orthu as OSPS na Sraithe Sinsearaí a chur i gcrích.

# Freastal réasúnta

Tá OSPS na Sraithe Sinsearaí bunaithe ar thorthaí foghlama leathana a fhéadfaidh cur ar chumas gach scoláire — trí phleanáil chúramach — a bheith rannpháirteach agus gaiscí a dhéanamh ar aon dul le hinniúlachtaí agus cumais an scoláire féin. Tá na Príomhthascanna leathan agus tá rogha leathan acu ann, agus éascaíonn siad éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí a thugann faoi OSPS na Sraithe Sinsearaí. I gcás scoláirí a bhfuil deacrachtaí fisicúla/leighis/céadfacha agus/nó deacrachtaí foghlama faoi leith acu, beidh na socruithe agus tacaíochtaí atá i bhfeidhm le tacú le foghlaim an scoláire le linn na bliana (m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha) i bhfeidhm agus na Príomhthascanna á gcur i gcrích.

# Naisc úsáideacha

- Sonraíocht OSPS na Sraithe Sinsearaí **https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/sphe**
- Is féidir teacht ar eolas cúlra maidir le forbairt na sonraíochta do OSPS na Sraithe Sinsearaí ag **Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na Sraithe Sinsearaí**
- Is féidir teacht ar threoir agus acmhainní chun tacú le múinteoirí i dtaca le teagasc agus foghlaim a phleanáil in Uirlisí Úsáide OSPS ag **Uirlisí Úsáide OSPS Curaclam ar líne**
- Is féidir teacht ar threoir agus acmhainní chun tacú leis an gcleachtas sa mheasúnú ar shuíomh gréasáin Díriú ar an bhFoghlaim de chuid CNCM, **Díriú ar an bhFoghlaim**

# Aguisín 1 | Uirlisí Machnaimh

Anseo thíos tá roinnt uirlisí machnaimh a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ó thaobh tacú le machnamh an scoláire (curtha in oiriúint ó **Scoláirí ag machnamh ar a gcuid foghlama** Fócas ar an bhFoghlaim: Leabhrán 4)

Úsáid na trí cheist shimplí seo le machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim:

- **Céard** a d'fhoghlaim mé inniu?
- **Céard** a insíonn sé sin dom?
- **Céard** atá le déanamh agam anois?

## Modh 3 – 2 – 1 don mhachnamh

**Taifead an scoláire**

- Trí rud a d'fhoghlaim mé
- Dhá rud a bhí spéisiúil
- Ceist amháin atá agam fós




## Féinmheasúnú ar céard agus conas atá mé ag foghlaim

Nuair a bhíonn daltaí ag machnamh ar a gcuid foghlama spreag iad chun smaoineamh ar a bhfuil á fhoghlaim acu agus ar an gcaoi a bhfuil siad ag foghlaim.

| Céard | Conas |
|---|---|
| Is é an rud is tábhachtaí a d'fhoghlaim mé... | Thaitin/Níor thaitin sé liom foghlaim ar an tslí seo mar... |
| Ba é an chuid ba shuimiúla... | Ba é an rud ba dheacra dom... |
| Ceist atá agam ná... | Scil a d'úsáid mé ná... |

## Leideanna le tacú le machnamh leanúnach an scoláire trí dhialann a choimeád (i scríbhinn nó ar líne)

Tá sé tábhachtach go spreagfaí an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige trína rannpháirteachas in OSPS, ar an mbealach a d'fhoghlaim sé é agus ar an gciall a d'fhéadfadh a bheith leis dó anois nó amach anseo. Nuair a dhéanann sé machnamh ar a chuid foghlama tá roinnt leideanna le feiceáil thíos. Ná ceap gur gá cloí go docht leo seo; **déan cuid acu a úsáid agus a chur in oiriúint faoi mar is cabhraí**.

- Rud a d'fhoghlaim mé inniu ná...
- Rud a chuir ag smaoineamh mé ná...
- An chúis ar spéis liom seo ná...
- Anois, tuigim...
- Tá sé seo tábhachtach dom mar...
- Anois, tá a fhios agam...
- Anois, táim fiosrach faoi...
- Is é an chéad chéim eile anois dom ná...

# Aguisín 2 | Teimpléad do thaifead na bPríomhthascanna OSPS

## Bileog Taifid na gCreidiúintí

### Ainm an Ranga:

| Sloinne | Céadainm | Príomhthasc curtha i gcrích | Láithreacht 90% bainte amach | Creidiúint | Tráchtaireacht murar bronnadh an chreidiúint |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Tá sé riachtanach taifead a choimeád den fhreastal agus de chur i gcrích na bPríomhthascanna**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment